

☼ An Lúibín ☼

30 Bealtaine 2018

Tionól Astrálach: Gaeilge Ghriandóite

Ar 11 Meitheamh 2018 tháinig Gaeilgeoirí le chéile sa Chevalier Resource Centre in Kensington in New South Wales le haghaidh léachtaí agus díospóireachta. Bhí seisear cainteoirí ann – Val Noone, Greg Byrnes, Dymphna Lonergan, Marc Ó Conaill agus Máirtín Mag Uidhir – seisear a bhfuil mórán déanta acu chun an teanga agus a dúchas a chur chun cinn san Astráil. Rinne Val an fáiltiú, agus seo thíos leagan athchóirithe dá chaint:

Seachtó bliain ó shin tháinig go dtí an Astráil fear cailiúil ón mBheilg darbh ainm Joseph Cardijn, bunaitheoir na heagraíochta idirnáisiúnta Young Christian Workers, chun cuairt a thabhairt ar ghrupáí daoine óga ar fud na hAstráile. Roimhe sin, thug sé cuairt ar an bhFrainc, an Iodáil, an Áise agus an Afraic. In Melbourne bhí cúpla slógadh mór ann in onóir Cardijn, le bratacha is araile.

Ag deireadh a chuairte, chuir ceannairí Young Christian Workers na hAstráile ceist ar Cardijn faoina dtodhchaí. Dúirt siad leis: ‘Cén chomhairle a thabharfá dúinn?’ Rinne Cardijn smaoineamh ar feadh cúpla nóiméad; ansin duirt sé: ‘Mar gheall ar an méid atá sa tír, de bhrí go bhfuil an Astráil ro-mhór, b’éigean daoibh a bheith ar bhur ndícheall ag taisteal idir na príomhchatharacha chun cruinniú le chéile’. Anois nuair atá ríomhphost agus Facebook agus Facetime againn, b’fhéidir nach bhfuil an t-achar chomh tábhachtach sin. Ach i mo thuarim, is fíor a ndúirt Cardijn: san Astráil tá an t-achar an-tábhachtach, agus is tábhachtach fós cruinniú le chéile.

Cúig bliana is fiche ó shin, in Melbourne, chuir Mossie Ó Scanláin, Dáithí Ó Luasaigh, Eamon Ó Neachtain, Criostóir Ó Maonaigh agus daoine eile Cumann Gaeilge na hAstráile ar bun. Ceithre bliana is fiche ó shin, sa bhliain 1994, bhí Máirtín Ó Dubhlaí ina stiúrthóir ar an gcéad Scoil Samhraidh san aois nua san Astráil ag Nanagroe, in aice le Gundagai. Níos déanaí sa bhliain chéanna thosaigh an Cumann ar a gcuid Daonscoileanna chomh maith agus tá siad ar siúl go dtí an lá atá inniu ann. Sna blianta 2001 agus 2002 d’eagraigh Dymphna Lonergan, Marc Ó Conaill agus eile Scoileanna Geimhridh in Adelaide. Ansin sa bhliain 2003 chuir Marcas de Faoite agus an tAthair Micheál Ó Suilleabháin tús le Scoil Gheimhridh in Sydney.

Comhghairdeas le Greg Hurst, Eva agus coiste Scoil Ghaeilge Sydney as Scoil Gheimhridh 2018 an deireadh seachtaine seo. Bíonn daoine ag déanamh iarracht ag na Daonscoileanna agus na Scoileanna Geimhridh ar chruinniú le chéile.

Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do roinnt rudaí is féidir a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn san Astráil: úsáid leanúnach Facebook, scrúduithe TEG, nuachtlitir náisiúnta lá éigin feasta, agus oiliúint muinteoirí – agus ocáidí cosúil leis an Tionól seo, ocáidí ina mbíonn feidhm phoiblí á baint as an teanga faoi ábhair shuimiúla, oráidí faoi chúrsaí reatha, staire, litríochta, ceoil, srl. Sa Tionól seo tá dhá aidhm againn: 1) seisiún lán-Ghaeilge; 2) aitheasc taighde agus díospóireachta. Maidir leis an teideal: ciallaíonn ‘Gaeilge Ghriandóite’ an teanga sa timpeallacht nua seo faoin ngrian Astrálach. Ba é Colin Ryan, scríbhneoir aitheanta Gaeilge, a cheap an frása seo, ‘Gaeilge Ghriandóite,’ ag Banya Biami sa bhliain 2001.

Mar is gnách, ciallaíonn ‘tionól’ go mbeimid ag plé agus ag comhrá. De réir mar a dúirt Joseph Cardijn, is é an t-achar an chonstaic mhór i mbealach ghluaiseacht náisiúnta na Gaeilge. Ba chóir duinn ár ndícheall a dhéanamh taisteal idir na príomhchatharacha chun go rachadh daoine i gcomhairle le chéile. Le chéile a thugaimid céim sa treo ceart. Comhghairdeas le Pamela O’Neill as a hobair dheonach chun Tionól 3 a eagrú, comhghairdeas chomh maith leis na cainteoirí.

Seo iad na cainteoirí eile agus ábhar a léachtaí:

Greg Byrnes: 'Idir Ord agus Inneoin: An tAthair Daniel Power'

Ar na sagairt a bhí ag obair san Astráil i mblianta tosaigh an 19ú haois (Ó Floinn, Turraoin, Ó Conghaile 7rl) tá fear atá ligthe i ndearmhad: Daniel Power (c. 1790-1830). Ní raibh sé ach trí bliana sna New South Wales nuair a fuair sé bás. Fear Gaeluinn ab ea é, Déiseach, agus bhí bua na litríochta aige. D'fhág sé roinnt láimhscribhinní, idir Ghaeilge agus Bhéarla, ina dhiaidh agus tá an chuid is mó díobh ar caomhnú anois insan Mitchell Library, Sydney. Phléigh Greg a chúlra, a phearsantacht agus a scríbhinní.

Dymphna Lonergan: 'Focail Ghaeilge Dhomhanda'

Is dóigh le Dymphna gur as an nGaeilge a tháinig a lán focal i gcaint na hAstráile, leithéidí *didgeridoo*, *sheila*, *kip* (sa chluiche 'two-up'), *shiralee* agus mar sin de. Bhain na mílte Éireannach Meiriceá amach freisin, agus luaigh sí an tuairim nach raibh tionchar mór ag an nGaeilge ar Bhéarla na tíre sin. Dúirt sí, áfach, nach raibh an taighde déanta fós chun a bheith cinnte de. Rinne sí tagairt don leabhar *How the Irish Invented Slang*, leabhar le Daniel Cassidy, Meiriceánach atá anois ar shlí na fírinne, agus dúirt sí gurbh í an fhadhb a bhí aige nach raibh fuaimeanna na Gaeilge ar eolas aige. Mar sin féin, bhí tús déanta ag an leabhar sin. Phléigh sí tionchar na teanga san Astráil mar a léiríodh ina leabhar *Sounds Irish*.

Rob Lindsey: 'Polaitíocht, Canúnachas agus an Caighdeán Oifigiúil Athbhreithnithe'

Bhí conspóid ag roinnt le leagan athnuaithe den Chaighdeán Oifigiúil sa bhliain 2012, conspóid a tháinig den ábhar agus den dóigh ar cumadh é. Is dócha gur fhág cúrsaí polaitíochta lorg ar an teanga scríofa a bhí buan agus díobhálach. Phléigh Rob cuid de na deacrachtaí a bhaineann le cuspoir agus deilbh an Chaighdeáin.

Marc Ó Conaill: 'Cúrsaí Reatha na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann'

D'fhiafraigh Marc céard iad na ceisteanna móra a bhaineann le cúrsaí Gaeilge in Éirinn. An bhfuil gluaiseacht na teanga beo bríomhar i mbliain na Gaeilge 2018? An bhfuil 'agents of change' uainn agus céard é ról an nuachainteora?

Máirtín Mag Uidhir: 'Gaeil Uladh: Ag Fíorú na Físe Gaelaí'

Phléigh Máirtín na hiarrachtaí móra a bhí á ndéanamh sna Sé Chontae chun an 'Fhís Ghaelach' a chur chun cinn. Chuir sé síos ar aidhmeanna na ndaoine a bhunaigh Gaeltacht Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste Thiar. Rinne sé tagairt dá lán dreamanna - An Dream Dearg, Glór na Móna, An Droichead, Turas i Misean Bhéal Feirste Thoir, agus An Cheathrú Ghaeltachta. Ar Bhéal Feirste is mó a bhí aird aige.



Ó Bhaile Átha Cliath go Prág

Tá socrú déanta idir Ollscoil Shéarlais i bPrág (áit a bhfuil lárionad Léinn Éireannaigh) agus Fiontar & Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá méadú ag teacht ar an méid ollscoileanna san Eoraip a bhfuil bunchúrsaí Gaeilge acu. Ach i bPrág is beag nach dtig le hÉireannaigh a gcuid creidiúintí go léir a fháil trí Ghaeilge i gcúrsaí i Lárionad an Léinn Éireannaigh i nDámh na nEalaíon.

Beidh ranganna teanga ann, staidéar ar aistriúcháin, agus cúrsaí litríochta, polaitíochta agus cultúir. Is féidir le mic léinn páirt a ghlacadh i ngrúpa labhartha Gaeilge a thagann le chéile uair sa tseachtain nó cuidiú le buntús na teanga a mhúineadh. Is féidir le hoidí aistriú siar agus aniar idir an dá thír.

Is é an Dr Radvan Markus an príomhléachtóir agus scoth na Gaeilge aige. É ina chomhartha ar an ngeim a fhéadann an Ghaeilge a fháil ar intinn scoláirí thar lear. Is gearr ó fuair sé Duais Náisiúnta Sheiceach a aistriúcháin liteartha, an *Magnesia Litera*, as Seicis a chur ar *Cré na Cille*. Chomh maith leis sin, tá *L'Attaque*,

úrscéal cáiliúil Eoghain Uí Thuairisc, tiontaíthe go Seicis aige, in éineacht le dánta le Gearóid Ó Lochlainn agus gearrscéalta le Pádraig Ó Conaire. Scríobh sé *Echoes of the Rebellion: The Year 1798 in Twentieth-Century Irish Fiction and Drama* (2015) agus bhí sé ina chomheagarthóir ar *The Politics of Irish Writing* (2010), *Boundary Crossings* (2012) agus *Tradition and Modernity* (2014). Tá a lán aistí agus ailt foilsithe aige. Agus rud eile: níl caill air mar fhear seinnte fliúite agus ceol Éireannach i gceist.



Ollscoil Shéarlais (le dealbh den Impire Séarlas V, pátrún na hollscoile).

Wikimedia Commons



Pór meastha na hÍoslainne



Norðfjörður san Íoslainn

Wikimedia Commons

Is fada atá a fhios ag na staraithe nach de ghlanshliocht Lochlannach gach duine a lonnigh san Íoslann ar dtús. Scéal é a ndearnadh cuntas cheana air in *An Lúibín féin*. Tá an taighde ar siúl i gcónaí, agus deir páipéar géineolaíoch nua a foilsíodh san eagrán is déanaí den iris *Science* go raibh pór Gaelach i leath na lonnaitheoirí.

Chuir na Lochlannaigh fúthu san Íoslainn idir na blianta 870 agus 930. Idir 8,000 agus 15,000 duine a bhí i gceist agus b'as an Iorua, as Albain agus as Éirinn iad, rud a d'fhág gur muintir mheastha a bhain an tír nua amach. Rinne foireann ó Ollscoil na hÍoslainne faoi stiúir Sunna Ebeneserdóttir, i dteannta deCODE Genetics in Reykjavik, anailís ar DNA i gcúig chnámharlach is tríocha ó uaigneanna ar fud na hÍoslainne. Daoine iad a fuair bás timpeall na bliana 900.

Rinneadh comparáid idir an DNA ársa agus an DNA atá le fáil sna hÍoslannaigh atá anois ann. Aisteach le rá, tá laghdú mór tagtha ar an DNA Gaelach le himeacht aimsire agus gan ann anois ach 25% den iomlán. Is éard ba chúis leis seo, is dócha, 'fánaíocht ghéiniteach' – athrú a thiteann amach de thaisme i ndaonra iargúlta. Cailleadh cuid mhór den éagsúlacht seichimh de thoradh gortáí agus eipidéimí a bheith ag teacht ar shála a chéile

Mar a deir údair an pháipéir, is annamh a fhaightear faill le staidéar a dhéanamh ar bhunú daonra agus ar stair a éabhlóide. Taispeánadh le sonraí seicheamh géanóim ó sheacht níoslannach is fiche a bhí beo fadó go raibh Lochlannaigh, Gaeil agus daoine de shliocht meastha ina measc. Bhí na daoine seo i bhfad níos cosúla le bunphobail na Lochlainne, na hAlban agus na hÉireann ná na hÍoslannaigh atá anois ann, daoine ar tháinig athrú orthu thar mhíle bliain. Tugann na torthaí seo léargas an-áisiúil ar an nasc idir géinitíopaí agus feinitíopaí. (Tá eolas iomlán ar oidhreacht duine le fáil i ngéinitíopa; airíonna breathnaithe – moirfeolaíocht, forbairt, iompar – a gheofa i bhfeinitíopa.)

Tógadh na mílte bean ó Éirinn agus ó Albain agus tháinig cuid acu chun na hÍoslainne, in éineacht le roinnt ó na tíortha úd. Ní sclábhaithe amháin a bhí i gceist anseo. Is minic a cuireadh na Gaeil in uaigneanna gan leacht, ach bhí roinnt acu curtha ar nós na Lochlannach le claíomh agus bád.

Is é an chéad rud eile atá le déanamh ag na taighdeoirí an sampla a mhéadú agus rian na ngalracha a iniúchadh.

Tá tagairt in *Laxdaela Saga* do na Gaeil úd. Deir Unn, bean uasal chríonna, lena lucht leanúna agus í ag caint ar dhaor léi:

En yður er það kunnigt að eg hefi frelsi gefið þeim manni er Erpur heitir, syni Melduns jarls. Fór það fjarri um svo stórættaðan mann að eg vildi að hann bæri þræls nafn. (Ach tá a fhios agaibh gur shaor mé Erp, mac an iarla Meldun; mar níl fonn ar bith orm go mbeadh ainm daoir ar fhear chomh huasal sin.)

Is cinnte gur leagan den ainm gaelach Maol Dúin is ea ‘Meldun’. Agus bhí Gael eile i measc a lucht leanúna: Hundi.

Hundi hét lausingi hennar. Hann var skoskur að ætt. (Hundi ab ainm do dhuine saortha léi. Albanach ba ea é.)

Tá fear eile sa saga sin agus é de shliocht meastha: Viga-Hrapp (‘Hrapp trodach’), a ndearnadh taibhse scanrúil de tar éis a bháis:

Hann var skoskur að fǫðurætt en móðurkyn hans var allt í Suðureyjum og þar var hann fæðingi. (Albanach ba ea é ar thaobh a athar agus bhain muintir uile a mháthar le Suðurey, mar ar tógadh é.)

Príomhphearsa sa saga is ea Melkorka, cumhal Éireannach ar de shliocht uasal í agus a bhfuil mac aici darb ainm Ólaf. Nuair atá Ólaf ar tí a aghaidh a thabhairt ar Éirinn, deir Melkorka leis:

Heiman hefi eg þig búuð svo sem eg kann best og kennt þér írsku að mæla svo að þig mun það eigi skipta hvar þig ber að Írlandi. (Lig mé uaim sa bhaile thú agus tú ullmhaithe de réir mo chumais, agus mhúin mé Gaeilge duit i dtreo is go mbeidh tú i gceart, cibé áit a rachaidh tú i dtír in Éirinn.)

Imíonn sé ar bord loinge tráchtála ach nuair a bhaineann siad Éire amach tá amhras ag muintir na háite orthu.

En er á líður daginn þá drífur ofan mannfjöldi mikill til strandar. Síðan fara tveir menn á báti til kaupskipsins. Þeir spyrja hverjir fyrir ráði skipi þessu. Ólafur mælti og svarar svo á írsku sem þeir mæltu til. (De réir mar a chuaigh an lá thart bhí slua mór ag teacht anuas chun na trá. Faoi dheireadh tháinig beirt anall i mbád go dtí an long thrádála agus d’fhiafraigh siad cé bhí i gceannas na loinge seo. Labhair Ólaf agus d’fhreagair i nGaeilge iad.)

Faoi dheireadh buaileann Ólaf leis an rí Muircheartach (*Mýrkjartan*) agus deir leis gurb é mac a iníne é. Éistean an rí leis agus deir:

Auðsætt er það á Ólafi þessum að hann er stórættaður maður, hvort sem hann er vor frændi eða eigi, og svo það að hann mælir allra manna best írsku. (Is léir gur duine uasal é an fear seo Ólaf, is cuma an gaol linn é nó nach ea, agus nach bhfuil a bharr ann chun Gaeilge a labhairt.)

Glacann an rí le hÓlaf mar a gharmhac agus filleann an fear óg ar an Íoslainn.

Glactar leis anois nach stair cheart iad na sagaí ach scéalta a bhfuil bunús stairiúil leo. Ní shéantar nach bhfuil léargas le fáil iontu ar shaol, ar nósanna agus ar dhearcadh na linne úd. Tá léiriú le fáil iontu féin, sa taighde géineolaíoch agus sa tseandálaíocht ar cheisteanna staire a mbeidh scoláirí sáite iontu go ceann i bhfad.

Féach

'Ancient genomes from Iceland reveal the making of a human population,' S. Sunna Ebenesersdóttir et altres: *Science*, 1 Bealtaine 2018: Vol. 360, Issue 6392, lgh 1028-1032, DOI: 10.1126/science.aar2625

Laxdaela Saga in Íoslainnis: http://sagadb.org/laxdaela_saga.is

Laxdaela Saga i mBéarla:

<https://babel.hathitrust.org/cgi/pt?id=mdp.39015015363289;view=1up;seq=1> (Thorstein Veblen)

https://en.wikisource.org/wiki/The_Laxdaela_Saga



Réalteolaíocht

Ábhar dorcha – ann nó as?



Réaltra bíseach (Messier 101). Tá réaltraí réscapthe beagnach trédhearcach.

Wikimedia Commons

Deirtear go bhfuil an ceathrú cuid den Chruinne déanta d'ábhar dorcha, rud dofheicthe a choinníonn an Chruinne i dtoll a chéile. Deirtear gurb é an t-ábhar dorcha seo bundeiltbh na Cruinne, agus nach bhfuil sa ghnáthábhar (réaltaí, deannach, gáis, pláinéid agus eile) ach 5% den Chruinne. Ach tá réalteolaithe tar éis teacht ar réaltra nach bhfuil ábhar dorcha ar bith le fáil ann – más fíor. Foilsíodh an scéal in *Nature*.

DF2 an réaltra atá i gceist, agus aimsíodh é leis an Dragonfly Telephoto Array, teileascóp nua atá suite i Meicsiceo Nua. Rinne Roberto Abraham (Yale) agus Pieter van Dokkum (Totonto) é chun radharc a fháil ar réaltraí réscapthe. Is féidir lena leithéidí a bheith chomh mór le Bealach na Bó Finne ach níl acu ach 1% dá lonrucht siúd.

Tuigtear go bhfuil ábhar dorcha ann as an imtharraingt a imríonn sé ar rudaí dofheicthe, rud a chuirfeadh in iúl go bhfuil sé níos treise ná an gnáthábhar i gcóimheas 5:1. Cuid den fhianaise is soiléire go bhfuil ábhar dorcha ann tá sí le fáil i réaltaí sna réimsí lasmuigh de réaltraí agus iad ag fithisiú i bhfad níos luaithe ná a luas éalaithe – sin é an luas a ligfeadh dóibh imeacht rompu ar a mbealach féin. Tugann sin le fios go bhfuil mais thoirtiúil dhofheicthe á gcoinneáil ina bhfithis.

Bheadh sin go maith mura bhfuair foireann van Dokkum amach go bhfuil deich réaltbhraisle an-gheala ag dul timpeall DF2 agus iad beagnach ina stad. Tá mais an réaltra sin le fáil sna réaltaí féin, rud a fhágann nach bhfuil gá le hábhar dorcha. Mar sin féin, áitíonn Abraham agus van Dokkum go dtaispeánann seo gur dócha go bhfuil ábhar dorcha ann. Tá réalteolaithe ann a deir nach bhfuil san ábhar dorcha ach seachmall radhairc agus gurb é is cúis le himeacht aisteach réaltraí áirithe dlíthe na himtharraingthe a bheith ag dul i bhfeidhm ar dhóigh atá difriúil leis an ngnáththuarisc. Ach más fíor an méid sin, bheadh an chuma chéanna ar na réaltraí go léir agus ní bheadh réaltra gan ábhar dorcha ann ar chor ar bith.

Glactar go coitianta le teoiric an ábhair dhorcha. Má tá DF2 gan an ábhar sin, ba dhóigh leat gur cumadh ar dhóigh eile ar fad é. Fionnachtain iontach é, mar sin, agus anois táthar ar thóir réaltraí eile den chineál sin.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

